



Uimhir 35 de 2013

**AN tACHT UM CHOSAINT NA BEATHA LE LINN
TOIRCHIS, 2013**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Forais chuí chun críocha an Achta.
4. Rialacháin.
5. Aisghairm.
6. Caiteachais.

CUID 2

NA BEARTA LIACHTA ATÁ DLEATHACH FAOIN ACHT

CAIBIDIL 1

An baol go gcaillfidh bean thoircheasach a beatha

7. An baol go gcaillfear beatha de dheasca breoiteacht choirp.
8. An baol go gcaillfear beatha de dheasca breoiteacht choirp le linn éigeandála.
9. An baol go gcaillfear beatha de dheasca féinmharú.

CAIBIDIL 2

Athbhreithnithe

10. Iarratas ar athbhreithniú ar thuairim liachta.
11. Painéal athbhreithnithe a bhunú, etc.
12. Coiste athbhreithnithe a bhunú, etc.
13. Athbhreithniú ar bhreith iomchuí.

[Uimh. 35.] *An tAcht um Chosaint na Beatha le* [2013.]
Linn Toirchis, 2013.

14. Nósanna imeachta an choiste athbhreithnithe.
15. Tuarascáil ón bhFeidhmeannacht ar oibriú na Caibidle.

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

16. Toiliú.
17. Diúltú coinsiasa.
18. Taisteal agus faisnéis.
19. Deimhniú.
20. Fógraí.
21. Leasú ar alt 9 den Acht Sláinte, 2007.
22. Beatha dhaonna gan breith a dhíothú.
23. Cion ag comhlacht corpraithe.

AN SCEIDEAL

FORAIS CHUÍ

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Sláinte, 2004 (Uimh. 42)
An tAcht Sláinte, 2007 (Uimh. 23)
Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 (Uimh. 25)
An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 (Uimh. 25)
Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011 (Uimh. 41)
Offences Against the Person Act, 1861 (24 7 25 Vict., c.100)



Uimhir 35 de 2013

**AN tACHT UM CHOSAINN NA BEATHA LE LINN
TOIRCHIS, 2013**

[An tiontú oifigiúil]

Acht do chosaint beatha dhaonna le linn toirchis; do dhéanamh socrú maidir le hathbheithnithe, ar thionscnamh mná toircheasaí, ar thuairimí liachta áirithe arna dtabhairt i leith toirchis; do dhéanamh socrú maidir le cion arb éard é beatha dhaonna gan breith a dhíothú d'aon ghnó; do leasú an Achta Sláinte, 2007; d'aisghairm ailt 58 agus 59 den *Offences Against the Person Act*, 1861; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[30 Iúil 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

2.—(1) San Acht seo— Léiriú.

ciallaíonn “Acht 2007” Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007;

ciallaíonn “Acht 2011” Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011;

ciallaíonn “foras cúí”—

(a) foras atá sonraithe sa *Sceideal*, nó

(b) foras atá sonraithe in ordú faoi *alt 3*;

tá le “lárionad ceadaithe” an bhrí atá leis in alt 63 den Acht Meabhair-Shláinte, 2001;

[Uimh. 35.] *An tAcht um Chosaint na Beatha le* [2013.]
Linn Toirchis, 2013.

ciallaíonn “deimhniú” deimhniú de chuid *alt 7*, deimhniú de chuid *alt 8*, deimhniú de chuid *alt 9* nó deimhniú de chuid *alt 13*, agus folaíonn sé cóip d’aon deimhniú den sórt sin;

ciallaíonn “asaoideolaí deimhniúcháin”, i ndáil le deimhniú, an t-asaoideolaí a rinne an deimhniú;

ciallaíonn “Feidhmeannacht” Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte;

ciallaíonn “lia-chleachtóir ginearálta”, i ndáil le bean thoircheasach, lia-chleachtóir a sholáthraíonn seirbhís liachta lia-chleachtóra ghinearálta don bhean thoircheasach;

ciallaíonn “lia-chleachtóir” lia-chleachtóir atá cláraithe de thuras na huair sa chlár;

folaíonn “beart liachta” lia-chleachtóir d’oideasú aon druga nó aon chóireáil liachta;

ciallaíonn “speisialtacht liachta” speisialtacht liachta atá aitheanta ag Comhairle na nDochtúirí Leighis faoi alt 89 d’Acht 2007;

tá le “seirbhísí meabhair-shláinte” an bhrí atá leis san Acht Meabhair-Shláinte, 2001;

ciallaíonn “cnáimhseach” duine a bhfuil a ainm nó a hainm cláraithe de thuras na huair i rannán na gcnáimhseach de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach arna bhunú faoi alt 46 d’Acht 2011;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte;

ciallaíonn “altra” duine a bhfuil a ainm nó a hainm cláraithe de thuras na huair i rannán na n-altraí de chlár na n-altraí agus na gcnáimhseach arna bhunú faoi alt 46 d’Acht 2011;

ciallaíonn “asaoideolaí” asaoideolaí agus lia ban;

ciallaíonn “asaoideolaí agus lia ban” lia-chleachtóir atá cláraithe i Rannán Speisialtóirí an chláir faoin speisialtacht liachta “Asaoideolaíocht agus Banliacht”;

ciallaíonn “bean thoircheasach”, i ndáil le hathbhreithniú, an bhean thoircheasach lena mbaineann an t-athbhreithniú;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 4*;

ciallaíonn “síciatraí” lia-chleachtóir atá cláraithe i Rannán Speisialtóirí an chláir faoi speisialtacht liachta de chuid “na Síciatrachta”;

ciallaíonn “clár” clár na lia-chleachtóirí arna bhunú faoi alt 43 d’Acht 2007;

forléireofar “breith iomchuí” de réir *alt 10*;

ciallaíonn “speisialtacht iomchuí”, i ndáil le lia-chleachtóir agus a mheasúnacht nó a measúnacht ar an mbaol go gcaillfidh bean thoircheasach a beatha, speisialtacht liachta—

- (a) a bhfuil an lia-chleachtóir cláraithe ina leith i Rannán Speisialtóirí an chláir, agus

- (b) is iomchuí maidir le cúram nó cóireáil na breoiteachta coirp ar ina leith a eascraíonn an baol go gcaillfear beatha amhlaidh;

ciallaíonn “athbhreithniú” athbhreithniú faoi *alt 13* ar bhreith iomchuí;

ciallaíonn “coiste athbhreithnithe”, i ndáil le breith iomchuí, an coiste arna bhunú faoi *alt 12(1)* chun an bhreith sin a athbhreithniú;

ciallaíonn “painéal athbhreithnithe” an painéal arna bhunú faoi *alt 11(1)*;

ciallaíonn “deimhniú de chuid *alt 7*” deimhniú dá dtagraítear in *alt 7(1)(a)*;

ciallaíonn “deimhniú de chuid *alt 8*” deimhniú dá dtagraítear in *alt 8(2)*;

ciallaíonn “deimhniú de chuid *alt 9*” deimhniú dá dtagraítear in *alt 9(1)(a)*;

ciallaíonn “deimhniú de chuid *alt 13*” deimhniú dá dtagraítear in *alt 13(3)*;

is tagairt í “gan breith”, i ndáil le beatha dhaonna, do bheatha den sórt sin le linn na tréimhse ama a thosaíonn tar éis ionchlannú i mbroinn mná agus a chríochnaíonn an tráth a thagann an beo go hiomlán amach as colainn na mná;

ciallaíonn “bean” duine baineann d’aois ar bith.

(2) Measfar, maidir le deimhniú de chuid *alt 13*—

- (a) gur deimhniú de chuid *alt 7* é i gcás feidhm a bheith ag *alt 12(2)*, agus
- (b) gur deimhniú de chuid *alt 9* é i gcás feidhm a bheith ag *alt 12(3)*,

agus forléireofar forálacha eile an Achta seo dá réir sin.

(3) Aon tagairt san Acht seo do bhreoiteacht choirp, folaíonn sí tagairt do dhíobháil choirp ach ní fholaíonn sí tagairt d’fhéinmharú.

3.—(1) Féadfaidh an tAire le hordú, i gcás go measfaidh sé nó sí gur cuí déanamh amhlaidh chun críocha an Achta seo, aon fhoras a shonrú atá á bhainistiú ag an bhFeidhmeannacht, nó ag duine eile de bhun socrú arna dhéanamh faoi *alt 38* den Acht Sláinte, 2004—

Forais chuí chun críocha an Achta.

- (a) ina soláthraítear seirbhísí d’othair chónaithe faoi stiúradh lia-chleachtóirí ó 3 réimse speisialtachta liachta ar a laghad agus a úsáidtear go hiomlán nó go páirteach chun cúram agus cóireáil a thabhairt do mhná i ndáil le haon cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:

- (i) toircheas;
- (ii) breith linbh;
- (iii) cúram iarbhreithe,

nó

- (b) ina soláthraítear seirbhísí d’othair chónaithe (lena n-áirítear seirbhísí dianchúraim agus cúraim chriticiúil) faoi stiúradh lia-chleachtóirí ó 7 réimse speisialtachtachta liachta ar a laghad,

agus aon fhoras a shonrófar amhlaidh, is foras cuí é chun críocha an Achta seo.

(2) Gach ordú a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo, leagfar faoi bhráid gach Tí den Oireachtas é a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

Rialacháin.

4.—(1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh—

- (a) maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe, nó
- (b) maidir le haon ní ar dealraitheach don Aire gur gá nó gur fóirsteanach é a dhéanamh chun an tAcht seo a thabhairt i ngníomh.

(2) Gan dochar d’aon fhorálacha den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin alt seo ar dealraitheach don Aire gur gá nó gur fóirsteanach iad chun críocha na rialachán.

(3) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

Aisghairm.

5.—Aisghairtear leis seo ailt 58 agus 59 den *Offences Against the Person Act, 1861*.

Caiteachais.

6.—Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

NA BEARTA LIACHTA ATÁ DLEATHACH FAOIN ACHT

CAIBIDIL 1

An baol go gcaillfidh bean thoircheasach a beatha

An baol go gcaillfear beatha de dheasca breoiteacht choirp.

7.—(1) Beidh sé dleathach beart liachta a dhéanamh i leith bean thoircheasach de réir an ailt seo, is beart liachta a ndéanfar, lena linn nó mar thoradh air, deireadh a chur le beatha dhaonna gan breith, más rud é—

(a) faoi réir *alt 19*, go mbeidh deimhnithe ag beirt lia-chleachtóirí, i gcomhpháirt agus de mheon macánta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an mbean thoircheasach—

(i) go bhfuil baol réadach substaintiúil ann go gcaillfidh an bhean a beatha de dheasca breoiteacht choirp, agus

(ii) de réir a dtuairime réasúnaí (ar tuairim í ar thángthas uirthi de mheon macánta agus lena dtugtar aird ar an ngá atá ann beatha dhaonna gan breith a chaomhnú a mhéid is indéanta) nach féidir an baol sin a sheachaint ach amháin tríd an mbeart liachta sin a dhéanamh,

agus

(b) gur asaoideolaí a dhéanfaidh an beart liachta sin agus gur i bhforas cuí a dhéanfar é.

(2) Maidir leis an 2 lia-chleachtóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*—

(a) asaoideolaí a chleachtann mar asaoideolaí i bhforas cuí a bheidh i nduine amháin acu, agus

(b) lia-chleachtóir ag a bhfuil speisialtacht iomchuí á cleachtadh a bheidh sa duine eile.

(3) Más indéanta, rachaidh aon duine amháin ar a laghad de na lia-chleachtóirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*, le comhaontú na mná toircheasaí, i gcomhairle le lia-chleachtóir ginearálta na mná (más ann) chun faisnéis maidir leis an mbean a fháil ón lia-chleachtóir sin, is faisnéis a fhéadfaidh cabhrú leis na lia-chleachtóirí breith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad deimhniú de chuid *alt 7* maidir leis an mbean.

(4) Faoi réir *alt 19*, déanfaidh an t-asaoideolaí deimhniúcháin—

(a) an deimhniú de chuid *alt 7* a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara é a chur ar aghaidh, chuig foras cuí, agus

(b) cibé socruithe a dhéanamh is gá chun an beart liachta lena mbaineann an deimhniú de chuid *alt 7* a dhéanamh san fhoras cuí.

8.—(1) D'ainneoin ghinearáltacht *alt 7*, nó aon chinneadh arna dhéanamh nó a bheidh ar feitheamh de bhun *alt 13* i dtaobh iarratas faoi *alt 10(2)*, beidh sé dleathach beart liachta a dhéanamh i leith bean thoircheasach de réir an ailt seo, is beart liachta a ndéanfar, lena linn nó mar thoradh air, deireadh a chur le beatha dhaonna gan breith, más rud é—

An baol go gcaillfear beatha de dheasca breoiteacht choirp le linn éigeandála.

(a) go greideann lia-chleachtóir de mheon macánta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an mbean thoircheasach, go bhfuil baol láithreach ann go gcaillfidh an bhean a beatha de dheasca breoiteacht choirp,

(b) gur gá, de réir a thuairime nó a tuairime réasúnaí (ar tuairim í ar thángthas uirthi de mheon macánta agus lena dtugtar aird ar an ngá atá ann beatha dhaonna gan breith

a chaomhnú a mhéid is indéanta), an beart liachta a dhéanamh láithreach d'fhonn beatha na mná a shábháil, agus

(c) gurb é nó í an lia-chleachtóir a dhéanfaidh an beart liachta.

(2) Faoi réir *alt 19*, más rud é maidir le lia-chleachtóir—

(a) faoi réir *mhír (b)*, go mbeartaíonn sé nó sí beart liachta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a dhéanamh, déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfaidh sé nó sí an beart liachta, na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* agus (b) a dheimhniú,

(b) go mbeartaíonn sé nó sí an beart liachta a dhéanamh gan an deimhniú sin a dhéanamh roimh ré mar nach indéanta déanamh amhlaidh, déanfaidh sé nó sí an deimhniú sin a luaithe is féidir ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 72 uair an chloig tar éis an beart liachta a dhéanamh.

An baol go gcaillfear beatha de dheasca féinmharú.

9.—(1) Beidh sé dleathach beart liachta a dhéanamh i leith bean thoircheasach de réir an ailt seo, is beart a ndéanfar, lena linn nó mar thoradh air, deireadh a chur le beatha dhaonna gan breith, más rud é—

(a) faoi réir *alt 19*, go mbeidh deimhnithe ag triúr lia-chleachtóirí, i gcomhpháirt agus de mheon macánta, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an mbean thoircheasach—

(i) go bhfuil baol réadach substaintiúil ann go gcaillfidh an bhean a beatha ar mhodh féinmharú, agus

(ii) nach féidir, de réir a dtuairime réasúnaí (ar tuairim í ar thángthas uirthi de mheon macánta agus lena dtugtar aird ar an ngá atá ann beatha dhaonna gan breith a chaomhnú a mhéid is indéanta), an baol sin a sheachaint ach amháin tríd an mbeart liachta a dhéanamh,

agus

(b) gur asaoideolaí a dhéanfaidh an beart liachta sin agus gur i bhforas cuí a dhéanfar é.

(2) Maidir leis na 3 lia-chleachtóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*—

(a) asaoideolaí a chleachtann mar asaoideolaí i bhforas cuí a bheidh i nduine amháin acu,

(b) síciatraí a chleachtann mar shíciatraí i bhforas cuí a bheidh i nduine amháin acu, agus

(c) síciatraí a chleachtann mar shíciatraí—

(i) i lárionad ceadaithe, nó

(ii) don Fheidhmeannacht nó thar ceann na Feidhmeannachta,

nó i lárionad ceadaithe agus don Fheidhmeannacht nó thar ceann na Feidhmeannachta, a bheidh i nduine amháin acu.

(3) Maidir leis an 2 síciatraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, síciatraí a sholáthraíonn, nó a sholáthair, seirbhísí meabhairshláinte do mhná maidir le toircheas, breith linbh nó cúram iarbhreithe a bheidh i nduine amháin acu ar a laghad.

(4) Más indéanta, rachaidh duine amháin ar a laghad de na lia-chleachtóirí dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*, le comhaontú na mná toircheasaí, i gcomhairle le lia-chleachtóir ginearálta na mná (más ann) chun faisnéis maidir leis an mbean a fháil ón lia-chleachtóir ginearálta sin, is faisnéis a fhéadfaidh cabhrú leis na lia-chleachtóirí a mbreith a thabhairt i dtaobh an ndéanfaidh nó nach ndéanfaidh siad deimhniú de chuid *alt 9* maidir leis an mbean.

(5) Faoi réir *alt 19*, déanfaidh an t-asaoideolaí deimhniúcháin—

- (a) an deimhniú de chuid *alt 9* a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara é a chur ar aghaidh, chuig foras cuí, agus
- (b) cibé socruithe a dhéanamh is gá chun an beart liachta lena mbaineann an deimhniú de chuid *alt 9* a dhéanamh san fhoras cuí.

CAIBIDIL 2

Athbhreithnithe

10.—(1) Más rud é, maidir le lia-chleachtóir ar iarradh air nó uirthi tuairim a thabhairt i leith bean thoircheasach sna himthosca dá dtagraítear in *alt 7(1)* nó *9(1)*— Iarratas ar athbhreithniú ar thuairim liachta.

- (a) nach dtugann sé nó sí tuairim, nó
- (b) go dtugann sé nó sí tuairim ach nach tuairim í den sórt a theastódh chun críocha deimhniú de chuid *alt 7* nó deimhniú de chuid *alt 9*, de réir mar a bheidh,

(dá ngairtear “breith iomchuí” san Acht seo), cuirfidh sé nó sí in iúl i scríbhinn don bhean go bhféadfaidh sí iarratas a dhéanamh de réir *fho-alt (2)* ar athbhreithniú ar an mbreith iomchuí.

(2) Féadfaidh bean thoircheasach, nó duine a bheidh ag gníomhú thar a ceann, iarratas a dhéanamh san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe chuig an bhFeidhmeannacht ar athbhreithniú ar bhreith iomchuí.

11.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Fheidhmeannacht painéal a bhunú agus a chothabháil ar a mbeidh 10 lia-chleachtóir ar a laghad arna gceapadh go ceann cibé téarma agus de réir cibé coinníollacha a chinnfidh an Fheidhmeannacht. Painéal athbhreithnithe a bhunú, etc.

(2) Ní bheidh ina gcomhaltaí den phainéal athbhreithnithe ach lia-chleachtóirí, agus aon chomhalta den phainéal a scoirfidh de bheith ina lia-chleachtóir, déanfaidh an Fheidhmeannacht a cheapachán nó a ceapachán a chúlghairm.

(3) Déanfaidh an Fheidhmeannacht, i dteannta lia-chleachtóirí a cheapadh a bheidh aitheanta go cuí aici lena gceapadh ar an bpainéal athbhreithnithe, a iarraidh—

- (a) ar an Institiúid Asaoideolaithe agus Lianna Ban,
- (b) ar Choláiste Síciatraithe na hÉireann,
- (c) ar Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, agus
- (d) ar Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann,

lia-chleachtóirí a ainmniú lena gceapadh ar an bpainéal.

(4) Féadfaidh an Fheidhmeannacht, más cuí léi déanamh amhlaidh, aon duine amháin nó níos mó de na lia-chleachtóirí a bheidh ainmnithe faoi *fho-alt (3)* a cheapadh ar an bpainéal athbhreithnithe.

Coiste
athbhreithnithe a
bhunú, etc.

12.—(1) Déanfaidh an Fheidhmeannacht, a luaithe is féidir ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 3 lá ón dáta a gheobhaidh sí iarratas faoi *alt 10(2)*, coiste a bhunú agus a thionól (nó a chur faoi deara é a thionól), a ndéanfar a chomhaltaí, faoi réir *fho-ailt (2)* go *(5)*, a thógáil ón bpainéal athbhreithnithe, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an mbreith iomchuí is ábhar don iarratas.

(2) I gcás breith iomchuí a bhaineann leis na himthosca dá dtagraítear in *alt 7(1)*, is iad seo a leanas a bheidh ar an gcoiste athbhreithnithe—

- (a) asaoideolaí a chleachtann mar asaoideolaí i bhforas cuí, agus
- (b) lia-chleachtóir ag a bhfuil speisialtacht iomchuí á cleachtadh.

(3) I gcás breith iomchuí a bhaineann leis na himthosca dá dtagraítear in *alt 9(1)*, is iad seo a leanas a bheidh ar an gcoiste athbhreithnithe—

- (a) asaoideolaí a chleachtann mar asaoideolaí i bhforas cuí,
- (b) síciatraí a chleachtann mar shíciatraí i bhforas cuí, agus
- (c) síciatraí a chleachtann mar shíciatraí—

(i) i lárionad ceadaithe, nó

(ii) don Fheidhmeannacht nó thar ceann na Feidhmeannachta,

nó i lárionad ceadaithe agus don Fheidhmeannacht nó thar ceann na Feidhmeannachta.

(4) Maidir leis an 2 shíciatraí dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, is síciatraí a sholáthraíonn, nó a sholáthair, seirbhísí meabhairshláinte do mhná maidir le toircheas, breith linbh nó cúram iarbheirthe a bheidh i nduine amháin acu ar a laghad.

(5) Beidh lia-chleachtóir dícháilithe chun suí ar an gcoiste athbhreithnithe i gcás go ndeachaigh an bhean thoircheasach i

gcomhairle leis nó léi roimhe sin i ndáil leis an ní is ábhar don bhreith iomchuí atá le hathbhreithniú ag an gcoiste.

(6) Chun críocha na Caibidle seo, aon bhreith iomchuí a thagann faoi réim *mhír (a) d'alt 10(1)*, pléifear léi amhail is dá mba dhiúltú í tuairim a thabhairt den sórt a theastódh chun críocha deimhniú de chuid *alt 7* (i gcás lena mbaineann na himthosca dá dtagraítear in *alt 7(1)*) nó deimhniú de chuid *alt 9* (i gcás lena mbaineann na himthosca dá dtagraítear in *alt 9(1)*).

13.—(1) Déanfaidh an coiste athbhreithnithe a athbhreithniú ar bhreith iomchuí a chríochnú a luaithe is féidir ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná 7 lá ón dáta a bunaíodh agus a tionóladh an coiste athbhreithnithe faoi *alt 12(1)*. Athbhreithniú ar bhreith iomchuí.

(2) Déanfaidh an coiste athbhreithnithe, chun teacht ar chinneadh i dtaobh a athbhreithniú ar an mbreith iomchuí, an bhean thoircheasach a scrúdú.

(3) I gcás go mbeidh a athbhreithniú ar an mbreith iomchuí críochnaithe ag an gcoiste athbhreithnithe agus gur deimhin leis de mheon macánta—

- (a) go bhfuil baol réadach substaintiúil ann go gcaillfidh an bhean thoircheasach a beatha de dheasca breoiteacht choirp nó ar mhodh féinmharú, de réir mar a bheidh, agus
- (b) nach féidir, de réir a thuairime réasúnaí (ar tuairim í ar thángthas uirthi de mheon macánta agus lena dtugtar aird ar an ngá atá ann beatha dhaonna gan breith a chaomhnú a mhéid is indéanta), an baol sin a sheachaint ach amháin trí bheart liachta dá dtagraítear in *alt 7(1)* nó *9(1)*, de réir mar a bheidh, a dhéanamh,

déanfaidh an coiste, faoi réir *alt 19*, a dheimhniú i gcomhpháirt gur deimhin leis amhlaidh agus, a luaithe is féidir, fógra i scríbhinn i dtaobh a chinnidh a thabhairt don bhean (nó, más duine eile a rinne an t-iarratas lena mbaineann faoi *alt 10(2)*) thar ceann na mná, don duine eile sin) agus don Fheidhmeannacht.

(4) I gcás go mbeidh a athbhreithniú ar an mbreith iomchuí críochnaithe ag an gcoiste athbhreithnithe agus nach deimhin leis na nithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, déanfaidh an coiste, a luaithe is féidir, fógra i scríbhinn a thabhairt don bhean thoircheasach (nó, más duine eile a rinne an t-iarratas lena mbaineann faoi *alt 10(2)*) thar ceann na mná, don duine eile sin) agus don Fheidhmeannacht i dtaobh a chinnidh.

(5) Faoi réir *alt 19*, déanfaidh an t-asaoideolaí deimhniúcháin—

- (a) an deimhniú de chuid *alt 13* a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara é a chur ar aghaidh, chuig foras cuí, agus
- (b) cibé socruithe is gá a dhéanamh chun an beart liachta lena mbaineann an deimhniú de chuid *alt 13* a dhéanamh san fhoras cuí.

(6) I *bhfo-alt (3)*, ciallaíonn “a dheimhniú i gcomhpháirt”, i ndáil leis an gcoiste athbhreithnithe, go ndéanann comhaltáí uile an choiste an deimhniú lena mbaineann de chuid *alt 13*.

Nósanna imeachta
an choiste
athbhreithnithe.

14.—(1) Beidh an bhean thoircheasach i dteideal éisteacht a fháil ón gcoiste athbhreithnithe agus, má chuireann an bhean nó duine a bheidh ag gníomhú thar a ceann in iúl don choiste gur mian léi éisteacht a fháil, déanfaidh an coiste cibé socruithe is gá d'fhonn an bhean nó duine a bheidh ag gníomhú thar a ceann a éisteacht.

(2) Féadfaidh an coiste athbhreithnithe, chun críocha a athbhreithnithe ar bhreith iomchuí, a cheangal ar lia-chleachtóir nó ar iar-liachleachtóir, trí ordachán i scríbhinn, na nithe seo a leanas a dhéanamh ag cibé tráth agus i cibé áit a shonrófar san ordachán—

(a) cibé doiciméid nó taifid eile a bheidh ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina urláimh nó faoina hurláimh agus a shonrófar amhlaidh a thabhairt ar aird don choiste, nó

(b) freastal os comhair an choiste agus cibé cúnaimh a thabhairt don choiste agus cibé ceisteanna a fhreagairt a cheanglóidh an coiste.

(3) Féadfaidh an coiste athbhreithnithe, faoi réir fhorálacha an Achta seo, a nósanna imeachta féin a chinneadh.

(4) Cuirfidh an Fheidhmeannacht ar fáil, nó déanfaidh sé socrú go gcuirfear ar fáil, cibé saoráidí riaracháin is gá chun a chumasú don choiste athbhreithnithe a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

(5) Íocfaidh an Fheidhmeannacht le comhalta den choiste athbhreithnithe as cistí a bheidh faoina réir cibé luach saothair agus liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(6) Aon duine a fhreastalóidh ar an gcoiste athbhreithnithe de bhun ordachán faoi *fho-alt* (2), íocfaidh an Fheidhmeannacht leis nó léi as cistí a bheidh faoina réir cibé luach saothair agus cibé liúntais i leith caiteachas a chinnfidh an tAire le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

(7) Aon duine a mhainneoidh déanamh de réir ordachán faoi *fho-alt* (2), beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme C a chur air nó uirthi.

(8) Féadfaidh an Fheidhmeannacht imeachtaí achoimre i leith cion faoi *fho-alt* (7) a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

Tuarascáil ón
bhFeidhmeannacht
ar oibriú na
Caibidle.

15.—(1) Déanfaidh an Fheidhmeannacht, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh i ngach bliain, tuarascáil ar oibriú na Caibidle seo sa bhliain díreach roimhe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire, agus déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, a chur faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Teach den Oireachtas.

(2) D'ainneoin ghinearáltacht *fho-alt* (1), áireofar i dtuarascáil faoin alt seo, i leith na bliana is ábhar don tuarascáil, faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) an líon iomlán iarratas ar athbhreithniú a fuair an Fheidhmeannacht,

(b) an líon athbhreithnithe a rinneadh,

(c) i gcás na n-athbhreithnithe a rinneadh, an chúis ar iarradh an t-athbhreithniú, agus

(d) toradh na n-athbhreithnithe.

(3) Déanfaidh an Fheidhmeannacht, le linn tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, faisnéis a eisiáimh ón tuarascáil, is faisnéis lena n-aithnítear duine de na daoine seo a leanas nó as a bhféadfaí le réasún duine de na daoine seo a leanas a aithint—

(a) bean a bhfuil iarratas faoi alt 10(2) déanta aici, nó a bhfuil iarratas den sórt sin déanta ina leith ag duine a bhí ag gníomhú thar a ceann, nó

(b) lia-chleachtóir a bhfuil athbhreithniú déanta aige nó aici.

(4) Socróidh an Fheidhmeannacht go ndéanfar tuarascáil arna leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de réir fho-alt (1) a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí léi a luaithe is féidir tar éis cóipeanna den tuarascáil a leagan amhlaidh.

CUID 3

ILGHNÉITHEACH

16.—Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun difear a dhéanamh Toiliú.
d'aon achtachán ná d'aon riail dlí a bhaineann le toiliú le cóireáil liachta.

17.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)* agus *(3)*, ní fhorléireofar aon ní san Diúltú coinsiasa.
Acht seo mar ní lena gcuirtear oibleagáid ar aon lia-chleachtóir, altra ná cnáimhseach aon bheart liachta dá dtagraítear in *alt 7(1)* nó *9(1)*, agus a bhfuil diúltú coinsiasa aige nó aici ina choinne, a dhéanamh ná cuidiú lena dhéanamh.

(2) Ní fhorléireofar *fo-alt (1)* mar ní lena ndéantar difear d'aon dualgas páirt a ghlacadh in aon bheart liachta dá dtagraítear in *alt 8(1)*.

(3) Aon duine a bhfuil diúltú coinsiasa dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* aige nó aici, déanfaidh sé nó sí cibé socruithe chun cúram na mná toircheasaí lena mbaineann a aistriú mar is gá chun a chumasú don bhean leas a bhaint as an mbeart liachta lena mbaineann.

18.—(1) Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun teorainn a chur Taisteal agus faisnéis.
leis an tsaoirse—

(a) chun taisteal idir an Stát agus stát eile, nó

(b) chun faisnéis a fháil nó a chur ar fáil sa Stát maidir le seirbhísí atá ar fáil go dleathach i stát eile, de réir coinníollacha arna leagan síos le dlí de thuras na huaire.

(2) Ní oibreoidh aon ní san Acht seo chun srian a chur ar aon duine taisteal go stát eile ar an bhforas gur chion faoi *alt 22* a iompraíocht bheartaithe nó a hiompraíocht bheartaithe ansin, dá mba sa Stát a tharlódh sí.

Deimhniú.

19.—Maidir le deimhniú—

- (a) is san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe a dhéanfar é, agus
- (b) beidh ann an fhaisnéis fhorordaithe (a mbeidh ar áireamh inti na forais chliniciúla chun an beart liachta lena mbaineann an deimhniú a dhéanamh).

Fógraí.

20.—(1) I gcás go ndéanfar beart liachta dá dtagraítear in *alt 7(1)*, *8(1)* nó *9(1)* i leith bean thoircheasach i bhforas cuí, déanfaidh an duine atá i bhfeighil an fhorais chuí—

- (a) taifead a choimeád—
 - (i) san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe maidir le déanamh an bhirt liachta, agus
 - (ii) ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, agus
- (b) tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an beart liachta a dhéanamh, cóip den taifead sin, nó de cibé cuid den taifead sin a fhorordófar, a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara í a chur ar aghaidh, chuig an Aire ar cibé modh a fhorordófar.

(2) I gcás go ndéantar beart liachta dá dtagraítear in *alt 8(1)* i leith bean thoircheasach in ionad seachas foras cuí, déanfaidh an lia-chleachtóir a rinne an beart liachta nó, más cuí, an duine (más ann) atá i bhfeighil an ionaid ina ndearnadh an beart liachta—

- (a) taifead a choimeád—
 - (i) san fhoirm fhorordaithe agus ar an modh forordaithe maidir le déanamh an bhirt liachta, agus
 - (ii) ina mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)*, agus
- (b) tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis an beart liachta a dhéanamh, cóip den taifead sin, nó de cibé cuid den taifead sin a fhorordófar, a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara í a chur ar aghaidh, chuig an Aire ar cibé modh a fhorordófar.

(3) Is í seo a leanas an fhaisnéis a shonraítear chun críocha *fho-ailt (1)(a)* agus *(2)(a)*:

- (a) an uimhir chlárúcháin de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis a ghabhann le clárú an lia-chleachtóra a rinne an beart liachta dá dtagraítear in *alt 7(1)*, *8(1)* nó *9(1)*, de réir mar a bheidh, i leith na mná toircheasaí lena mbaineann;
- (b) an amhlaidh ba de bhun deimhniú de chuid *alt 7*, deimhniú de chuid *alt 8* (cibé acu an roimh an beart liachta a dhéanamh nó dá éis sin a rinneadh é) nó deimhniú de chuid *alt 9* a rinneadh an beart liachta i leith na mná

toircheasaí agus an uimhir chláirúcháin de chuid Chomhairle na nDochtúirí Leighis a ghabhann le clárú gach duine de na lia-chleachtóirí a rinne an deimhniú lena mbaineann;

(c) ainm an fhorais chuí ina ndearnadh an beart liachta i leith na mná toircheasaí nó, más beart liachta dá dtagraítear in *alt 8(1)* agus a rinneadh in ionad seachas foras cuí an beart liachta sin, tuairisc ar an ionad sin is leor chun é a aithint;

(d) an dáta a rinneadh an beart liachta i leith na mná toircheasaí.

(4) Déanfaidh an tAire tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú maidir leis na fógraí a bheidh faighte aige nó aici faoin alt seo le linn na bliana díreach roimhe sin agus déanfaidh sé nó sí, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a ullmhú, a chur faoi deara cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(5) Socróidh an tAire go ndéanfar tuarascáil arna leagan faoi bhráid dhá Theach an Oireachtais de réir *fho-alt (4)* a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is cuí leis nó léi a luaithe is indéanta tar éis cóipeanna den tuarascáil a leagan amhlaidh.

(6) Déanfaidh an tAire, le linn tuarascáil a ullmhú faoin alt seo, aon fhaisnéis a eisiaimh ón tuarascáil, is faisnéis lena n-aithnítear duine de na daoine seo a leanas nó as a bhféadfaí le réasún duine de na daoine seo a leanas a aithint—

(a) bean is ábhar d'fhógra faoin alt seo,

(b) lia-chleachtóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)*, nó

(c) lia-chleachtóir dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(b)*.

(7) San alt seo, ciallaíonn “fógra” cóip de thaifead, nó de chuid de thaifead, a chuirtear ar aghaidh, nó a gcuirtear faoi deara í a chur ar aghaidh, chuig an Aire faoi *fho-alt (1)* nó *(2)*.

21.—Leasaítear alt 9 den Acht Sláinte, 2007—

Leasú ar alt 9 den Acht Sláinte, 2007.

(a) i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) go bhfuil baol tromaí ann—

(i) do shláinte nó do leas duine a bheidh ag fáil na seirbhísí sin, nó

(ii) go mainneofar forálacha Acht 2013 a chomhlíonadh,

agus”,

agus

(b) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) I gcás go mbeidh imscrúdú faoin alt seo á dhéanamh i leith baol tromáí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a)(ii) agus go mbainfidh an baol sin le foras cuí, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar an duine atá i bhfeighil an fhorais chuí, a ordú don duine sin a chinntiú nach ndéanfar ón dáta, nó ón teagmhas, a shonrófar san fhógra chun na críche sin, ar aghaidh—

(a) beart liachta dá dtagraítear in *alt 7(1)* d’Acht 2013 san fhoras, nó

(b) beart liachta dá dtagraítear in *alt 9(1)* den Acht sin san fhoras,

nó an dá rud sin a chinntiú.

(5) Más rud é—

(a) go mbeidh fógra faoi fho-alt (4) seirbheáilte ag an Aire ar an duine atá i bhfeighil foras cuí, agus

(b) go gcreidfídh an tAire, tar éis an fógra dá dtagraítear i mír (a) a sheirbheáil, maidir leis an mbaol tromáí lena mbaineann agus dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a)(ii), arb é a thug air nó uirthi fógra den sórt sin a sheirbheáil, nach baol tromáí den sórt sin é nó nach baol tromáí den sórt sin a thuilleadh é (is cuma an le linn an imscrúdaithe lena mbaineann faoin alt seo nó tar éis é a chríochnú a thiocfaidh sé nó sí ar an gcreideamh sin),

déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta tar éis teacht ar an gcreideamh dá dtagraítear i mír (b), trí fhógra i scríbhinn arna sheirbheáil ar an duine atá i bhfeighil an fhorais chuí sin, an fógra dá dtagraítear i mír (a) a chúlghairm ar an dáta, nó ar an teagmhas, a shonrófar san fhógra a seirbheáladh amhlaidh ar an duine sin.

(6) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2013’ an *tAcht um Chosaint na Beatha le linn Toirchis, 2013*;

tá le ‘foras cuí’ an bhrí atá leis in Acht 2013.”.

Beatha dhaonna
gan breith a
dhíothú.

22.—(1) Is cion é beatha dhaonna gan breith a dhíothú d’aon ghnó.

(2) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair ar díotáil fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 14 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) Ní ceadmhach ionchúiseamh mar gheall ar chion faoin alt seo a thionscnamh ach amháin ag an Stúirthóir Ionchúiseamh Poiblí nó lena thoiliú nó lena toiliú.

23.—(1) I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh an cion le toiliú nó cúlheadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú sa cháil sin, beidh an duine sin, agus an comhlacht corpraithe freisin, ciontach i gcion agus féadfar imeachtaí a thionscnamh ina aghaidh nó ina haghaidh agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite. Cion ag comhlacht corpraithe.

(2) I gcás gurb iad comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *fo-alt (1)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

AN SCEIDEAL

FORAIS CHUÍ

Ospidéal Adelaide agus na Mí, Baile Átha Cliath, ina gCorpraítear
Ospidéal Náisiúnta na Leanaí
Ospidéal Beaumont
Ospidéal Ollscoile an Choim do Mhná agus do Naónáin
Ospidéal Ginearálta an Chabháin
Ospidéal na hOllscoile, Corcaigh agus Ospidéal Máithreachais na
hOllscoile, Corcaigh
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh
Ospidéal Ginearálta Chiarraí
Ospidéal Ginearálta Leitir Ceanainn
Ospidéal Ollscoile an Mater Misericordiae
Ospidéal Ginearálta Mhaigh Eo
An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, An Muileann gCearr
An tOspidéal Réigiúnach Lár Tíre, Port Laoise
Ospidéal Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Tuar an Daill
Ospidéal Réigiúnach Máithreachais an Mheán-Iarthair
An tOspidéal Náisiúnta Máithreachais, Baile Átha Cliath
Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha
Ospidéal Portiuncula, Béal Átha na Sluaighe
Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath
Ospidéal Ginearálta Shligigh
Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas
Ospidéal Naomh Lúcas, Cill Chainnigh
Ospidéal San Séam
Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann
Ospidéal Réigiúnach Phort Láirge
Ospidéal Ginearálta Loch Garman